COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN ALBÁIN –

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**AD 13/26**

**LIMITE**

**CONF-ALB 3**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH EATRAMHACH ÓN AONTAS EORPACH<br>• Cnuasach 1: Bunphrionsabail |

**CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS**

**AN ALBÁIN**

**COMHSHEASAMH EATRAMHACH ÓN AONTAS EORPACH**

PUBLIC

---

**Cnuasach Caibidlíochta: 1**

**Bunphrionsabail**

**Lena n-áirítear Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, Athchóiriú ar an riarachán poiblí, caibidlí 23 – Na breithiúna agus na cearta bunúsacha, 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil, critéir eacnamaíocha, caibidlí 5 – Soláthar poiblí, 18 – Staidreamh, 32 – Rialú airgeadais**

---

**COMHSHEASAMH EATRAMHACH ÓN AONTAS EORPACH**

PUBLIC

Aontaíonn an tAontas gur chomhlíon an Albáin, ar an iomlán, na tagarmharcanna eatramhacha a leagadh síos sa Chomhsheasamh tosaigh ón Aontas Eorpach (AD 18/24 CONF-ALB 3). Bunaithe ar an measúnú sin, comhlánaíonn an Comhsheasamh eatramhach seo ón Aontas Eorpach an Comhsheasamh ón Aontas maidir le Cnuasach 1, inar leagadh síos an seasamh ón Aontas cheana féin, a oscailt agus na tagarmharcanna deiridh do chaibidlí 5, 18 agus 32 atá fós bailí a dhúnadh. Tá sé d'aidhm ag an gComhsheasamh eatramhach seo ón Aontas, i measc nithe eile, na tagarmharcanna deiridh atá fágtha faoin gcnuasach seo a shocrú.

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Albáin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 3, 5, 10, 14, 16, 31, 33, 36, 38, 39, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus caighdeáin Eorpacha ábhartha agus dá gcur chun feidhme agus dá bhforfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar na príomh-athchóirithe agus an phríomhreachtaíocht ar fud chnuasach na ngnéithe bunúsacha a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear cuntais teiste láidre mar a leagtar amach thíos.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, ina seasamh AD 19/24 CONF-ALB 4, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 1 mar atá i bhfeidhm an 2 Deireadh Fómhair 2024 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, na céimeanna agus na bearta éagsúla a rinne an Albáin agus a chuir sí chur feidhme bunaithe, i measc nithe eile, ar a Treochláir maidir leis an smacht reatha, maidir le hAthchóiriú ar an riarachán poiblí agus maidir le Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, chomh maith lena hiarrachtaí na tagarmharcanna eatramhacha a leagtar síos in AD 18/24 CONF-ALB 3 a bhaint amach.

**1. Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha**

Tugann an tAontas dá aire go cuí go leanann an Albáin dá hinstitiúidí daonlathacha a chomhdhlúthú agus go gceadaítear próiseas daonlathach toghcháin leis an gcreat dlíthiúil agus institiúideach. Molann an tAontas don Albáin aghaidh a thabhairt ar na débhríochtaí agus na neamhréireachtaí dlíthiúla ar tharraing ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine aird orthu, chomh maith le moltaí comhpháirteacha eile ó ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine agus Coimisiún na Veinéise, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an reachtaíocht, na rialacha agus an riarachán toghcháin, ar gá iad a chur chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach freisin i bhfianaise na dtoghchán bardasach atá ar na bacáin. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin an reachtaíocht maidir leis na meáin i bhfeachtais toghcháin a neartú a thuilleadh, go háirithe maidir le fógraíocht pholaitiúil, bréagaisnéis agus ardáin ar líne, chun í a ailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpach, agus í a chur chun feidhme go héifeachtach. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go raibh ábhar deighilteach agus ionramhálach fós forleathan agus go raibh iarrachtaí faireacháin teoranta, cé gur shínigh formhór na bpáirtithe cód iompair deonach maidir le feachtasaíocht dhigiteach. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin cothrom na Féinne a áirithiú do gach iarrthóir trí bhearta a dhéanamh chun mí-úsáid acmhainní stáit agus giaráil institiúideach a chosc agus trí thionchar na líonraí pátrúnachta a laghdú. Tugann an tAontas dá aire gur bunaíodh Coiste Parlaiminteach traspháirtí atá tiomnaithe don athchóiriú toghchánach, ar cheart idirphlé polaitiúil cuimsitheach cuiditheach a bheith mar thoradh air, chomh maith le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara uile.



PUBLIC

Molann an tAontas go ndéanfar ról institiúideach thionól na hAlbáine a chomhdhlúthú a thuilleadh agus tugann sé dá aire céimeanna i ndáil leis sin. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil teannas agus maoirseacht theoranta ar an bhfeidhmeannas fós le sonrú sna seisiúin pharlaiminteacha. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil gá le próiseas críochnúil chun ailíniú reachtach a bhaineann leis an *acquis* a bhaint amach, le dóthain ama le haghaidh comhairliúcháin shuntasacha agus tá sé ag súil go n-áiritheofar é sin, in idirphlé cuimsitheach leis na gníomhaithe ábhartha, an tsochaí shibhialta san áireamh. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá sé don Albáin staonadh ó aon bhearta reachtacha nach bhfuil i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Molann an tAontas go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun trédhearcacht, cuntasacht, ionracas agus éifeachtacht a mhéadú, lena n-áirítear maidir le hidirghníomhaíochtaí laistigh den Pharlaimint agus idir an Pharlaimint agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna)/eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna) lena n-áirítear maidir le tráthúlacht a chuid foilseachán. Meabhraítear don Aontas nach mór do Pharlaimint fheidhmiúil a bheith in ann, ar bhealach inbhuanaithe, maoirseacht éifeachtach gan bhac a dhéanamh ar an bhfeidhmeannas, lena n-áirítear trí choistí fiosrúcháin, agus a ról reachtach a dhéanamh ag obair le trédhearcacht agus cuntasacht, ionracas agus éifeachtacht, lena n-áirítear trí idirphlé polaitiúil cuiditheach agus cuimsitheach, agus laistigh de pháirtithe polaitiúla. Is colún lárnach den phróiseas aontachais é a áirithiú go mbeidh na feidhmeanna sin ann.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an creat dlíthiúil, rialála agus institiúideach don t**sochaí shibhialta** i bhfeidhm ar an iomlán, ach go bhfuil gá le feabhsuithe chun cur chun feidhme iomlán an chreata dhlíthiúil a chumasú, go háirithe le haghaidh na nósanna imeachta clárúcháin. Tugann an tAontas dá aire gur gá feabhas a chur ar phróisis chomhairliúcháin chun go mbeidh siad níos cuimsithí, chun cur le héifeachtacht agus cáilíocht na bpróiseas sin, ar an leibhéal lárnach agus áitiúil araon, agus go bhfuil gá le hiarrachtaí agus acmhainní breise, lena n-áirítear cistiú poiblí trédhearcach, chun timpeallacht inbhuanaithe chumasúcháin a áirithiú don tsochaí shibhialta.

## 2. Athchóiriú ar an riarachán poiblí

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **creat straitéiseach na hAlbáine maidir le riarachán poiblí** i bhfeidhm. Tugann an tAontas dá aire gur bunaíodh Coiste Parlaiminteach traspháirtí tiomnaithe d'athchóiriú críochach. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh Straitéis nua um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí 2025-2030 agus Straitéis nua um Bainistiú Airgeadais Phoiblí 2024-2030 agus meabhraítear dó a thábhachtaí atá sé go mbeadh athchóirithe a dhéanfar amach anseo comhsheasmhach le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta agus go ndéanfaí iad trí idirphlé cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara uile, amhail an tsochaí shibhialta agus ionadaithe mionlach náisiúnta. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme éifeachtach tráthúil na straitéisí a áirithiú, ar an leibhéal lárnach agus áitiúil araon, agus molann sé don Albáin feabhas a chur ar chreataí faireacháin agus tuairiscithe. Ba cheart di a áirithiú go bhfuil an Straitéis maidir le PAR go hiomlán comhsheasmhach le doiciméid straitéiseacha agus pleanála beartais eile, agus go bhfuil na bearta a bhaineann le PAR inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de. Leagann an tAontas béim freisin ar a chasta atá an córas comhordaithe beartais fós agus gur cheart é a shimpliú a thuilleadh.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an Albáin measartha ullamh maidir lena **forbairt agus a comhordú beartais**. I réimse na forbartha beartais, tá an bunús dlí agus an leagan amach institiúideach le haghaidh ceapadh beartas comhsheasmhach i bhfeidhm, den chuid is mó. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin a creat rialála a uasghrádú chun feabhas a chur ar phleanáil beartais mheántéarmach, chun cáilíocht na measúnuithe tionchair rialála agus na gcomhairliúchán poiblí a fheabhsú, agus chun a n-úsáid a leathnú chuig an reachtaíocht thánaisteach uile. Tugann an tAontas dá aire gur cheart don Albáin obair leantach leordhóthanach ar chomhairliúcháin phoiblí a áirithiú agus rannpháirtíocht mhéadaithe na sochaí sibhialta a éascú, go háirithe i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an *acquis*. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ról na formhaoirseachta parlaimintí ar an rialtas a threisiú trí idirphlé polaitiúil agus comhairliúchán poiblí atá críochnúil agus cuimsitheach.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil reachtaíocht **státseirbhíse** na hAlbáine ailínithe a bheag nó a mhór le croíphrionsabail na hearcaíochta, an ardaithe céime agus an bhriste atá bunaithe ar fhiúntas agus atá trédhearcach. Mar sin féin, ní mór forálacha maidir le hearcaíocht agus ardú céime atá bunaithe ar fhiúntas a chur chun feidhme agus a fhaire go comhsheasmhach ar gach leibhéal sa chleachtas. Tugann an tAontas dá aire na céimeanna atá glactha ag an Albáin chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht na státseirbhíse, arb é is aidhm di feabhas a chur ar earcaíocht ar bhonn fiúntais agus ar leibhéal sinsearach, agus iarrann sé ar an Albáin dul chun cinn a dhéanamh maidir lena glacadh agus lena cur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire gur tugadh chun críche an t-athchóiriú tuarastail do státseirbhísigh, lena n-áirítear é a leathnú chuig riaracháin áitiúla. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin an córas aicmithe post a chomhchuibhiú agus a chur chun feidhme a thuilleadh ar fud na n-institiúidí freisin. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé don Albáin riarachán poiblí a áirithiú a bheidh in ann an *acquis* agus athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun feidhme go héifeachtach, úinéireacht institiúideach a threisiú, lena n-áirítear maidir le saineolas seachtrach a úsáid, agus maoiniú poiblí inbhuanaithe a shlógadh.

Tugann an tAontas dá aire obair na hAlbáine chun feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil chun **comhlachtaí riaracháin lárnacha a eagrú**. Iarrann an tAontas ar an Albáin dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme éifeachtach an dlí athbhreithnithe maidir le heagrú agus feidhmiú an riaracháin stáit. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin an mhaoirseacht a dhéanann na haireachtaí faoi seach ar ghníomhaireachtaí fo-ordaithe a neartú. Molann an tAontas don Albáin trédhearcacht na n-institiúidí poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an rochtain atá ag saoránaigh ar fhaisnéis phoiblí a neartú. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá sé don Albáin comhroinnt na bhfreagrachtaí idir leibhéil an rialtais láir agus an rialtais áitiúil a chosaint, lena n-áirítear neamhspleáchas an rialtais áitiúil, mar a leagtar amach i gcóras dlí na hAlbáine, agus moltaí ó na comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh.

Meabhraítear don Aontas gurb é an digiteáil an bealach i dtreo riarachán poiblí níos fearr ós rud é go gcuirfear ar fáil léi sin ríomhsheirbhísí níos trédhearcaí, níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus ar ardchaighdeán lena ngabhann costais riaracháin agus ualach riaracháin laghdaithe ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí. Tugann an tAontas dá aire ardleibhéal foriomlán **digiteála sheirbhísí poiblí** na hAlbáine, a chumhdaíonn thart ar 95 % de na seirbhísí poiblí uile. Iarrann an tAontas ar an Albáin cóir chomhionann agus inrochtaineacht ar sheirbhísí riaracháin a ráthú a thuilleadh do gach saoránach agus gnólacht. Molann an tAontas don Albáin dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le próisis agus seirbhísí riaracháin a shimpliú agus an chibearshlándáil a neartú. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an creat náisiúnta idir-inoibritheachta i gcomhréir leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta is déanaí. Molann an tAontas don Albáin faireachán breise a dhéanamh ar fhorbairtí in *acquis* digiteach an Aontais, go háirithe reachtaíocht an Aontais maidir le ríomh-shainaithint agus seirbhísí iontaoibhe (Rialachán eIDAS), chun tiachóg náisiúnta céannachta digití a chruthú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an creat maidir le **bainistiú airgeadais phoiblí** i bhfeidhm, cé go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur air. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Albáin maidir le feabhas a chur ar a creat buiséadach meántéarmach agus is díol sásaimh dó gur glacadh straitéis ioncaim mheántéarmach 2024-2027. Iarrann an tAontas ar an Albáin an cleachtas maidir le hathbhreithnithe buiséid a dhéanamh tríd an bParlaimint a athbhunú go hiomlán agus úsáid gníomhartha normatacha a theorannú d’imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, chun feidhmiú iomlán na Parlaiminte dá cearta buiséadacha a áirithiú. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé don Albáin na hacmhainneachtaí institiúideacha a mhéadú chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí fioscacha agus bainistiú infheistíochta poiblí a fheabhsú. Molann an tAontas don Albáin Comhairle Fhioscach a bhunú agus a oibríochtú chun inchreidteacht na mbeartas fioscach sa tír a neartú.

## 3. Caibidil 23: Na breithiúna agus cearta bunúsacha

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil ardleibhéal ailínithe le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha ag creat reachtach agus institiúideach na hAlbáine a mhéid a bhaineann le **feidhmiú na mbreithiúna**. Iarrann an tAontas ar an Albáin cur chun feidhme na n-athchóirithe a chomhdhlúthú tríd an Straitéis Ceartais athbhreithnithe 2024-2030 lena gcumasófar feabhas a chur ar an gcomhar idirinstitiúideach, faireachán rialta agus bailiú agus anailís sonraí fheabhsaithe.

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le **neamhspleáchas agus neamhchlaontacht** na gcóras breithiúnach agus ionchúisimh. Tugann an tAontas dá aire an méid atá bainte amach ag an Albáin go dtí seo agus pleananna na hAlbáine leanúint d'acmhainneacht, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht chomhlachtaí féinrialaithe na mbreithiúna a fhorbairt agus dul chun cinn a chomhdhlúthú trí cheapacháin dul chun cinn gairme atá bunaithe ar fhiúntas, trí thrédhearcacht arduithe céime a fheabhsú, trí chloí le seiceálacha ionracais tréimhsiúla a dhéanamh go mionchúiseach agus iad a chur i bhfeidhm go críochnúil le linn gairmréime giúistís. Tugann an tAontas dá aire freisin na céimeanna atá tugtha ag an Albáin chun na hardchaighdeáin a leagadh síos leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin a leanúint agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá don Albáin na caighdeáin sin a chosaint agus a choinneáil ar bhealach inbhuanaithe. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Albáin a áirithiú go gcuirfear na rialacha maidir le leithdháileadh randamach cásanna i bhfeidhm go héifeachtach sa chleachtas, cé go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun é a dhéanamh go hiomlán uathoibrithe. Is oth leis an Aontas agus tathantaíonn sé ar an Albáin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar iarrachtaí méadaitheacha gur cúis imní iad ag oifigigh phoiblí nó polaiteoirí, lena n-áirítear ar leibhéil arda, tionchar míchuí a imirt ar institiúidí ceartais, lena n-áirítear ar an Struchtúr Speisialaithe um Chomhrac an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe (SPAK), agus ar ionsaithe pearsanta ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí agus athléimneacht na n-institiúidí ceartais a neartú a thuilleadh i leith cásanna de chur isteach inmheánach agus seachtrach, lena n-áirítear trína áirithiú go leanfaidh an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus an Ardchomhairle Ionchúiseach de bheith ag freagairt go daingean ar ionsaithe ar bhreithiúna ó ionadaithe an bhrainse feidhmiúcháin nó reachtaigh. Leagann an tAontas béim mhór ar a riachtanaí atá sé do bhrainse feidhmiúcháin agus do bhrainse reachtach na hAlbáine araon neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú go hiomlán agus cinntí ceangailteacha na Cúirte Bunreachtúla a chur chun feidhme ina n-iomláine, mar ábhar tosaíochta, ag tabhairt dá aire cásanna roimhe seo de chur chun feidhme neamhiomlán nó moillithe cinntí ag an mbrainse feidhmiúcháin agus ag an mbrainse reachtach. Thairis sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart reachtaíocht agus cleachtais maidir le díolúine a bhaint a bheith á dtreorú ag caighdeáin Eorpacha, go háirithe na caighdeáin sin a leagtar síos i dtuairimí agus i moltaí Choimisiún na Veinéise. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Albáin na caighdeáin is airde sláine agus trédhearcachta agus caighdeáin fiúntasbhunaithe a áirithiú agus comhaltaí uile na gcomhlachtaí féinrialála agus príomhchomhlachtaí breithiúnacha agus ionchúisimh eile á gceapadh.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil institiúideach ag an Albáin lena n-áirithítear rialáil láidir **cuntasachta** leanúnaí an chórais bhreithiúnaigh. Is díol sásaimh don Aontas ar an gcéad dul síos gur thug an Albáin an próiseas grinnfhiosrúcháin chun críche agus tugann sé dá aire a plean chun an próiseas grinnfhiosrúcháin a thabhairt chun críche go hordúil i gcéim an achomhairc laistigh de na spriocdhátaí bunreachtúla, faoi mhaoirseacht na hOibríochta Faireacháin Idirnáisiúnta. Leagan an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin leanúint de nósanna imeachta coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna agus ionchúisitheoirí a gcuirtear iompar coiriúil ina leith le linn an phróisis grinnfhiosrúcháin agus a ríthábhachtaí atá sé na hardchaighdeáin a leagtar síos sa phróiseas grinnfhiosrúcháin a chur i bhfeidhm go hiarbhír. Tugann an tAontas dá aire freisin céad céimeanna na hAlbáine chun a áirithiú gur féidir leis na seirbhísí cigireachta agus na hinstitiúidí féinrialaitheacha, go háirithe an tArdchigire Ceartais, an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus an Ardchomhairle Ionchúiseach, cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir le cuntasacht agus ionracas leanúnach sa chóras breithiúnach ar gach leibhéal, agus go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun acmhainneachtaí an Ardchigire Ceartais a neartú agus chun trédhearcacht níos fearr agus úsáid níos teoranta aistrithe cliathánacha a áirithiú, go háirithe chun a n-úsáid le haghaidh arduithe céime a sheachaint. Tugann an tAontas dá aire an t-athbhreithniú ar na forálacha is infheidhme maidir le comhaltaí nach breithiúna iad a cheapadh chun an leibhéal is airde ionracais agus fiúntais a áirithiú maidir le comhaltaí den Ardchomhairle Bhreithiúnach agus an Ardchomhairle Ionchúiseach nach breithiúna iad a cheapadh.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí na hAlbáine bunús maith a bhunú le haghaidh **cháilíocht agus éifeachtúlacht** an chórais bhreithiúnaigh. Tugann an tAontas dá haire nach mór leanúint de na hiarrachtaí sin chun a áirithiú go mbeidh go leor acmhainní daonna agus airgeadais ann chun go mbeidh na breithiúna in ann feidhmiú go hiomlán, go héifeachtúil agus go neamhspleách agus chun an ceart chun rochtain ar an gceartas a ráthú, lena n-áirítear tríd an riaráiste meastóireachta a laghdú a thuilleadh. Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn a rinneadh maidir le Scoil na nGiúistísí a neartú chun oideachas ardleibhéil a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo a bheith ina ngiúistísí, agus iarrann sé ar an Albáin na hiarrachtaí sin a chomhdhlúthú a thuilleadh, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar scrúdú iontrála agus é a chur chun feidhme go héifeachtach bunaithe ar thrédhearcacht, ar chritéir oibiachtúla agus ar iomaíocht chóir. Aontaíonn an tAontas nach mór don Albáin tuilleadh feabhais a chur ar na huirlisí TF atá ar fáil do na cúirteanna agus tugann sé dá aire plean na hAlbáine i ndáil leis sin. Ina theannta sin, iarrann an tAontas go mbunófaí córas comhtháite bainistithe cásanna go tráthúil agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar aon rochtain neamhúdaraithe ar shonraí an chórais. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór na folúntais bhreithiúnacha atá fós folamh a líonadh go seasta mar ábhar práinne chun éifeachtúlacht an cheartais a áirithiú, agus chomh maith leis sin, go mbeidh sé riachtanach cuótaí a shocrú do ghiúistísí is iarrthóirí lena dtabharfar aghaidh ar bhealach sách maith ar riachtanais an chórais bhreithiúnaigh. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar cháilíocht bhonneagar na gcúirteanna agus na n-oifigí ionchúisimh agus ar shlándáil daoine aonair, lena n-áirítear laistigh d'institiúidí ceartais agus forfheidhmithe dlí. Meabhraítear don Aontas freisin a thábhachtaí atá sé go n-áiritheoidh an Albáin cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus cur chun feidhme comhsheasmhach, tráthúil agus iomlán/críochnúil na mbreithiúnas cúirte uile.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat reachtach agus institiúideach na hAlbáine maidir leis an bh**frithéilliú** ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dul chun cinn nithiúil déanta ag an Albáin maidir le cúisimh i ndáil le héilliú a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a chiontú, lena n-áirítear i gcoinne ardoifigeach. Is díol sásaimh don Aontas na dea-thorthaí a bhain SPAK agus a chúirteanna amach go dtí seo, lena n-áirítear i gcásanna éillithe ardleibhéil. Mar sin féin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an t-éilliú fós forleathan i bhformhór na réimsí sa saol poiblí agus sa saol gnó, lena n-áirítear i ngach brainse den rialtas láir agus áitiúil agus de na hinstitiúidí agus gur ábhar mór imní fós é. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin cuid mhór dul chun cinn fós a dhéanamh chun cineál ginearálaithe agus forleathan an éillithe a chosc agus chun dul i ngleic leis an éilliú sin. Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin chun a creat dlíthiúil agus institiúideach maidir le comhrac an éillithe a leasú agus a fhorlíonadh a thuilleadh. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór na bearta sin a chur chun feidhme go diongbháilte anois agus go mbeidh tionchar acu, go háirithe sna hearnálacha is mó atá i mbaol éillithe, go háirithe an bonneagar poiblí, cearta cadastair agus maoine, custaim, riarachán cánach, oideachas, sláinte, soláthar poiblí, agus conarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. Iarrann an tAontas ar an Albáin bailchríoch a chur ar athbhreithniú agus ar chur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta maidir le tabhartais agus urraíocht agus maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla, trí idirphlé traspháirtí cuimsitheach cuiditheach agus d'fhonn trédhearcacht a fheabhsú. Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Albáin, nach mór a threisiú, chun go neartófaí acmhainneachtaí institiúideacha agus comhordú na n-institiúidí um éilliú a chosc. Tugann an tAontas dá aire freisin gur comhdhlúthaíodh acmhainneachtaí oibríochtúla agus daonna an Ionchúisitheora Speisialta um Éilliú agus Coireacht Eagraithe agus acmhainneachtaí chúirteanna SPAK agus nach mór iad a mhéadú a thuilleadh. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta dea-theist a bhunú maidir leis an éilliú a chur faoi chois go sistéamach, agus iarrann sé ar an Albain na hiarrachtaí sin a chomhdhlúthú a thuilleadh, go háirithe ar ardleibhéal, lena n-áirítear coigistiú críochnaitheach sócmhainní, agus líon na dtarchur chuig SPAK ó údaráis eile a mhéadú, Póilíní Stáit na hAlbáine san áireamh. Is oth leis an Aontas cinntí áirithe a rinne Parlaimint na hAlbáine roimhe seo chomh maith le barúlacha ó oifigigh phoiblí maidir le himscrúduithe i gcoinne iaroifigigh phoiblí agus iarfheisirí Parlaiminte. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Albáin dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-éilliú ardleibhéil a chomhrac agus seasamh le prionsabal an chomhionannais os comhair an dlí, agus do na breithiúna, lena n-áirítear SPAK, leanúint dá gcuid oibre go neamhspleách, agus le neamhchlaontacht, cuntasacht, gairmiúlacht agus urraim do chearta na cosanta, gan cur isteach.

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta maidir le héifeachtúlacht an chreata coiscthe éillithe a neartú, agus iarrann sé ar an Albáin na hiarrachtaí sin a chomhdhlúthú a thuilleadh, lena n-áirítear trína ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus trí aghaidh a thabhairt go córasach agus go héifeachtach ar na moltaí uile a thiocfaidh as sásraí faireacháin idirnáisiúnta maidir le Coinbhinsiúin a bhfuil sí ina páirtí iontu, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe agus Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne an Éillithe (GRECO). Leagann an tAontas béim ar a fhíorthábhachtaí atá sé go n-áiritheodh an Albáin go mbeidh na hathruithe dlíthiúla a dhéanfar amach anseo ar an reachtaíocht choiriúil, lena n-áirítear pardúin a d'fhéadfaí a thabhairt, i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha agus go mbeadh siad ag teacht go hiomlán le plean na tíre an t-éilliú a laghdú go comhsheasmhach.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na hAlbáine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha maidir le **cearta bunúsacha** agus leagann sé béim ar a riachtanaí atá sé an cur chun feidhme a neartú chun teachtadh na gceart bunúsach a ráthú go hiomlán sa chleachtas, lena n-áirítear acmhainneachtaí na n-institiúidí neamhspleácha um chearta bunúsacha a neartú agus aghaidh a thabhairt go córasach ar na moltaí a dhéanann siad chomh maith le moltaí na gcomhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc, chomh maith le breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire nach mór don Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le himeachtaí coiriúla, cearta íospartach agus cearta nós imeachta.

Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh dlí nua maidir le **sonraí pearsanta a chosaint** agus na deich bpíosa reachtaíochta cur chun feidhme a ghabhann leis i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais. Tugann an tAontas dá aire nach mór don Albáin a áirithiú anois go ndéanfar an creat dlíthiúil nua a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Albáin feabhas a chur ar acmhainneacht institiúideach an Choimisinéara um Fhaisnéis agus Cosaint Sonraí agus ar acmhainneacht institiúideach rialaitheoirí poiblí agus príobháideacha chun forfheidhmiú éifeachtach an chirt a áirithiú, lena n-áirítear bearta feasachta poiblí. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Albáin imscrúdú éifeachtach ar sháruithe ceart cosanta sonraí, lena n-áirítear sáruithe ar mórscála.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na hAlbáine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha a mhéid a bhaineann leis an t**saoirse chun tuairimí a nochtadh** cé go bhfuil feabhsuithe suntasacha fós ag teastáil. Tugann an tAontas dá aire na chéad chéimeanna i bplean na hAlbáine chun gur féidir athchóiriú domhain a dhéanamh. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin na leasuithe ar an gcreat dlíthiúil agus rialála a thabhairt chun críche, agus na bearta cur chun feidhme agus forfheidhmithe is gá a chur i bhfeidhm chun trédhearcacht úinéireacht na meán, iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a neartú, chomh maith le trédhearcacht an mhaoinithe a fhaigheann na meáin ó acmhainní príobháideacha agus stáit a neartú, agus neamhspleáchas rialtóir na meán agus neamhspleáchas an chraoltóra stáit a neartú, i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire, agus is cúis imní dó, nach bhfuil feabhas tagtha ar thimpeallacht ina ndéantar ionsaithe ó bhéal agus ionsaithe fisiciúla, ina gcuirtear feachtais chlúmhillte ar bun agus ina dtugtar cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí in aghaidh iriseoirí agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu go hiomlán go fóill. Tugann an tAontas dá aire na forálacha nua atá sa Chód Coiriúil maidir le díchoiriúlú an chlúmhillte i gcás iriseoirí. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Albáin na forálacha coiriúla atá fágtha maidir le maslú agus clúmhilleadh a aisghairm go hiomlán gan a thuilleadh moille agus gnéithe sibhialta den chlúmhilleadh a ailíniú le caighdeáin Eorpacha agus iarrann sé go ndéanfaí ailíniú iomlán pras le Treoir an Aontais maidir le himeachtaí cúirte mí-úsáideacha. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé obair leantach a dhéanamh ar mholadh an Aontais[…] maidir le himeachtaí cúirte mí-úsáideacha. Measann an tAontas go mbeidh gá le hobair leantach cúramach, go háirithe arna déanamh ag pointí fócasacha ainmnithe sna Póilíní Stáit agus sna seirbhísí ionchúisimh ionas go gcuirfear na bearta agus na coimircí foirmiúla chun feidhme go héifeachtach agus go ndéanfar feabhsuithe nithiúla i ndáil le sábháilteacht iriseoirí agus lena dtimpeallacht oibre freisin. Ní mór d'aon athrú a dhéantar ar an gcreat dlíthiúil a bheith i gcomhréir le caighdeáin agus moltaí Eorpacha, lena n-áirítear tuairimí ó Choimisiún na Veinéise, agus faoi réir comhairliúcháin chuimsitheacha le heagraíochtaí meán agus leis an tsochaí shibhialta. Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas dá aire an t-idirphlé struchtúrtha atá ar bun idir institiúidí agus gníomhaithe sna meáin chun athchóirithe tábhachtacha a phlé ionas go gcuirfear feabhas ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse agus iolrachas na meán. Ba cheart moltaí an idirphlé sin a bheith mar bhonn de leasú riachtanach breise in earnáil na meán.

Maidir le **comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú** i gcás ina bhfuil ailíniú páirteach déanta ag an Albáin le *acquis* an Aontais, tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn breise atá déanta ag an Albáin sna pleananna atá aici a creat dlíthiúil maidir le neamh-idirdhealú a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais mar aon le bearta ailínithe i ndáil leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá acmhainneacht institiúideach agus maoiniú inbhuanaithe a áirithiú ar gach leibhéal riaracháin chun gur féidir bearta a chur chun feidhme go tráthúil, lena n-áirítear ailíniú a dhéanamh ar fhorálacha dlíthiúla maidir le neamh-idirdhealú, an fhuathchoireacht agus an fhuathchaint a chomhrac, i gcoinne gach grúpa, gan beann ar reiligiún, náisiúntacht, bunadh ciníoch nó eitneach agus aon fhoras eile idirdhealaithe, agus teachtadh iomlán agus comhionann chearta uile an duine ag daoine LADTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí obair an Choimisinéara um Chosaint ar Idirdhealú, ar gá é a athcheapadh ó 2023 i leith, agus Abhcóide an Phobail, ar gá a acmhainneacht institiúideach a mhéadú. Tugann an tAontas dá aire freisin pleananna na hAlbáine an t-ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le comhionannas inscne a thabhairt chun críche, go háirithe chun dul i ngleic go héifeachtach leis an bhforéigean gnéasach inscnebhunaithe, agus is díol sásaimh dó gur glacadh an Dlí maidir le Comhionannas Inscne. Ní mór iarrachtaí a dhíriú ar chur chun feidhme éifeachtach agus ar inbhuanaitheacht na n-ionad dídine d'íospartaigh an fhoréigin a fheabhsú. Iarrann an tAontas ar an Albáin tuilleadh acmhainní a leithdháileadh chun acmhainneacht institiúideach a mhéadú agus chun inbhuanaitheacht na seirbhísí sásaimh agus cúnaimh d'íospartaigh a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá sé go neartódh an Albáin cearta daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear i ndáil le dul chun cinn suntasach i dtreo dí-institiúidiú, tacaíocht don mhaireachtáil neamhspleách, agus inrochtaineacht[1].

PUBLIC

Meabhraíonn an tAontas go bhfuil sé beartaithe ag an Albáin seasamh le **cearta an linbh** agus feabhas a chur ar na cearta sin, lena n-áirítear trí chóras comhtháite cosanta leanaí a threisiú agus trí infhaighteacht seirbhísí pobalbhunaithe a leathnú d'fhonn dí-institiúidiú leanaí a thabhairt chun críche. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé an t-athchóiriú a chur chun feidhme go tráthúil chun seasamh le cearta an linbh agus feabhas a chur ar na cearta sin agus leas an linbh mar threoirphrionsabal aige. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainní airgeadais leordhóthanacha a leithdháileadh agus acmhainneachtaí institiúideacha a neartú ar gach leibhéal rialtais chun bochtaineacht leanaí a chomhrac.

---

[1] Scrúdaítear na hábhair a bhaineann le cuimsiú oideachasúil agus gairmiúil i ngaol le caibidlí 19 agus 26.

Maidir leis an **gceart chun maoine**, tugann an tAontas dá aire plean na hAlbáine cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin gan mhoill i gcomhréir le Conarthaí an Aontais, chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach tráthúil na mbreithiúnas cúirte uile a áirithiú, go háirithe breithiúnais chríochnaitheacha chúirte, lena n-aithnítear ceart maoine an iar-úinéara, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le cásanna fada neamh-fhorfheidhmithe. Baineann sé sin freisin le breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, sa réimse sin. Tugann an tAontas dá aire gur ghlac an Albáin reachtaíocht cur chun feidhme i ndáil leis an dlí maidir le cláir talún agus i ndáil leis an dlí maidir le próisis úinéireachta idirthréimhsí a thabhairt chun críche, ach go bhfuil dúshláin shuntasacha cur chun feidhme fós ann. Tugann an tAontas dá aire an tionchar díréireach ar limistéir ina bhfuil cónaí ar líon mór daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad, ar limistéir ardluacha eacnamaíocha agus ar limistéir chósta. Go háirithe, de réir an Treochláir le haghaidh na gcaibidlí maidir leis an Smacht Reachta, tá córas éifeachtúil trédhearcach clárúcháin maoine agus bainistithe comhtháite á chur i bhfeidhm, lena gcuirfear teidil mhaoine shoiléire shlána ar fáil san Albáin, chun an ceart chun maoine a áirithiú trí sheirbhís lándigitithe sa chleachtas faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, tá dhá sprioc eatramhacha leagtha síos ag an Albáin do 2026 agus 2028, faoi seach, ar cheart faireachán rialta a dhéanamh orthu, lena léirítear dul chun cinn nithiúil céim ar chéim faoin dara ráithe de 2027 i dtaobh an chéad chlárúcháin agus dheonú na dteideal maoine deiridh ina dhiaidh sin. Baineann an chéad sprioc le digiteáil na léarscáileanna cadastracha, agus baineann an dara ceann leis an gcéad chlárú a chur i gcrích. I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas i dtábhacht freisin nach mór don Albáin a áirithiú go bhfoilseofar na léarscáileanna cadastracha, i gcomhréir leis an bpróiseas digiteála, próiseas atá teoranta go dtí seo. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go n-áiritheodh an Albáin freisin, a luaithe a fhoilseofar na léarscáileanna cadastracha aonair agus a chuirfidh an páirtí leasmhar na doiciméid is gá isteach chun a mhaoin a chlárú, go rachaidh Gníomhaireacht Stáit an Chadastair, mar a shainmhínítear ina creat dlíthiúil atá i bhfeidhm, ar aghaidh laistigh den sprioc-am 45 lá bunaithe le heisiúint an deimhnithe maoine chríochnaithigh nó go gcuirfidh sí an páirtí leasmhar ar an eolas go n-éilíonn tríú páirtithe an mhaoin sin freisin (bíodh sí de chuid an stáit nó príobháideach), ionas gur féidir leis an bpáirtí leasmhar dul i muinín an cheartais.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Plean Sláine ag Gníomhaireacht Stáit an Chadastair, lena léirítear aiseolas ó pháirtithe leasmhara d'fhonn trédhearcacht, éifeachtúlacht agus cuntasacht a fheabhsú i soláthar seirbhísí ó 2025 ar aghaidh, mar a fhoráiltear sa Treochlár le haghaidh na gCaibidlí maidir leis an Smacht Reachta. Leagann an tAontas béim freisin ar a ríthábhachtachaí atá sé i gcónaí soiléirithe tréimhsiúla críochnúla a fháil maidir le cur chun feidhme an Phlean Sláine. Cuireann an tAontas in iúl gur cheart don 'Gníomhaireacht um Chóireáil Maoine' feidhmiú ar bhealach a bheidh iomlán trédhearcach freisin. Iarrann sé go mbunófaí tréimhse ama réalaíoch chun cúitimh fhéideartha a fhorghníomhú a bheidh le cur i gcrích faoi 2026, mar a fhoráiltear sa Treochlár maidir leis an Smacht Reachta. I ndáil leis an méid sin, iarrann an tAontas ar údaráis na hAlbáine déileáil freisin le saincheist na ndoiciméad falsaithe, mar a thuairiscítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú i mí na Nollag 2023. Thairis sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé fós ina phríomhthosaíocht aghaidh a thabhairt ar athbhreithniú ar na dlíthe infheistíochta[2] i gcomhréir le dea-chleachtais an Aontais faoi 2026, mar a fhoráiltear i gClár Oibre Athchóirithe an Phlean Fáis. Go háirithe, iarrann sé ar údaráis na hAlbáine a áirithiú go mbeidh cúiteamh cóir do na húinéirí dlisteanacha ag gabháil le díshealbhú ar mhaithe le 'leas an phobail'. Cuireann sé i bhfios go láidir freisin go gcabhródh próiseas soiléir aicmithe na maoine (talamh arúil nó talamh le haghaidh tógála) le mí-aicmiú nó aon ghníomhartha mí-úsáide a chosc.

[2] Scrúdaítear an t-ábhar seo i ngaol le Cnuasach 3 (Caibidil 20), Cnuasach 4 (Caibidil 27) agus Cnuasach 6 (Caibidil 30).

Tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine cearta daoine ar de ghrúpaí **mionlaigh** iad a chosaint agus a chur chun cinn agus spreagann sé í ina leith, i gcomhréir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta agus le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, i measc nithe eile trína áirithiú go gcuirfear an creat reachtach chun feidhme go héifeachtach, go háirithe an Dlí maidir le Mionlaigh Náisiúnta 96/2017 agus a reachtaíocht thánaisteach. Iarrann an tAontas ar an Albáin an creat reachtach agus an reachtaíocht thánaisteach a urramú i bhfianaise aon athchóirithe toghcháin agus riaracháin. Is díol sásaimh dó gur glacadh na fodhlíthe cur chun feidhme a bhí fós ann maidir le féinaithint agus cearta gaolmhara eile agus úsáid teangacha mionlach náisiúnta, i mí na Nollag 2024, agus iad i dteagmháil le comhlachtaí riaracháin agus le húdaráis phoiblí, mar a fhoráiltear i dTreochlár an Smachta Reachta. Cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart cur chun feidhme na bhfodhlíthe sin sa chríoch ar fad a bheith iomlán, éifeachtach agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, agus moltaí na gcomhlachtaí maoirseachta idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh go hiomlán, le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Iarrann an tAontas ar údaráis na hAlbáine a áirithiú go gcloífear go praiticiúil leis an gceart chun féinaitheanta saoire i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha le linn chur chun feidhme na bhfodhlíthe thuasluaite. Meabhraíonn an tAontas gur cheart go leanfadh aon fhíoruithe nó iarrataí breise ar fhianaise de bheith eisceachtúil. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá rochtain ar oideachas teanga mionlaigh a ráthú faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair gan réamhriachtanais bhreise ná léirmhíniú docht iomarcach agus tairseach an daonra mhionlaigh á cur chun feidhme[3]. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá leanúint d'fheabhas a chur ar acmhainneacht institiúideach an Choiste Stáit um Mionlaigh Náisiúnta agus na n-údarás áitiúil agus ar acmhainní fadtéarmacha a chur ar fáil dóibh. Maidir leis an mionlach Romach agus an mionlach Éigipteach, tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine gealltanais Dhearbhú Poznan a chomhlíonadh i réimse an oideachais, na fostaíochta, na tithíochta agus na sláinte agus an Pointe Teagmhála Náisiúnta Romach a neartú. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainní poiblí leordhóthanacha a leithdháileadh chun na bearta beartais a chur chun feidhme agus chun comhordú sa réimse sin a threisiú. Tugann sé dá aire freisin go bhfuil forálacha i bhfeidhm ag an Albáin lena gcuirtear ar chumas daoine ar de mhionlaigh iad a n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a fhorbairt agus eolas ar a gcuid staire a chothú.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú iomlán a creata reachtaigh le *acquis* an Aontais a áirithiú tráth an aontachais chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as **cearta saoránachta an Aontais**.

[3] Scrúdaítear an t-ábhar seo i ngaol le Cnuasach 3 (Caibidil 26).



PUBLIC

## 4. Caibidil 24: Ceartas, Saoirse agus Slándáil

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil institiúideach i bhfeidhm ag an Albáin chun **an choireacht eagraithe a chomhrac**. Is díol sásaimh don Aontas an t-athbhreithniú a rinne an Albáin ar an gCód Coiriúil, atá ailínithe le forálacha coiriúla na bpríomhghníomhartha dlí mar chuid de *acquis* an Aontais maidir le comhrac na coireachta tromchúisí eagraithe, na sceimhlitheoireachta agus an sciúrtha airgid. Ní mór tuilleadh leasuithe ar an gcreat sin a ghlacadh chun é a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais, sa bhreis ar na leasuithe a rinneadh le déanaí ar an gCód Coiriúil. Molann an tAontas don Albáin a áirithiú go ndéanfar sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, chomh maith le coireanna comhshaoil, a choiriúlú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil torthaí dearfacha ag eascairt as comhar na hAlbáine i bhforfheidhmiú an dlí le Ballstáit an Aontais, Europol, Eurojust agus CEPOL chomh maith le rannpháirtíocht an-ghníomhach san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla a mhéid a bhaineann le deireadh a chur le grúpaí coiriúla eagraithe. Tugann an tAontas dá aire gur cheart na hiarrachtaí sin a neartú a thuilleadh agus molann sé don Albáin páirt bhreise a ghlacadh i mbearta straitéiseacha, arna gcomhordú ag Europol. Ag an am céanna, tá géarghá le tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláine laistigh de na póilíní atá fós an-leochaileach i leith an éillithe. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin bearta cinntitheacha inbhuanaithe a dhéanamh chun ionracas laistigh de na póilíní a fheabhsú, chun imscrúduithe leanúnacha críochnúla ag an nGníomhaireacht um Fhormhaoirseacht Póilíneachta a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar an líon ard uainíochtaí agus chun ceapacháin, aistrithe agus arduithe céime atá bunaithe ar fhiúntas agus atá trédhearcach a áirithiú laistigh de na póilíní. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun cuntas teiste na n-imscrúduithe, na n-ionchúiseamh, na gciontuithe deiridh agus urghabháil agus coigistiú sócmhainní a bhaineann leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhdhlúthú, lena n-áirítear sciúradh airgid agus chun cur chuige réamhghníomhach agus éifeachtach a léiriú maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Albáin tuilleadh tacaíocht ardleibhéil, acmhainní leordhóthanacha, acmhainneachtaí teicniúla agus oibríochtúla a chur ar fáil do na hinstitiúidí atá ag comhrac na coireachta eagraithe agus comhordú láidir idirinstitiúideach a fhorbairt. Tugann an tAontas dá aire freisin an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin chun a áirithiú go mbeidh imscrúduithe airgeadais ag gabháil go córasach le himeachtaí coiriúla ón tús agus molann sé don Albáin an acmhainneacht a fhorbairt chun dul i ngleic le himscrúduithe casta airgeadais. Iarrann an tAontas ar an Albáin an dul chun cinn sa réimse sin a chomhdhlúthú a thuilleadh.

Tugann an tAontas dá aire, thairis sin, iarrachtaí leanúnacha na hAlbáine urghabháil agus coigistiú sócmhainní a mhéadú, sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla a reo agus a n-athúsáid shóisialta a chur chun cinn. Tugann an tAontas dá aire go dearfach gur glacadh an Dlí maidir leis an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) agus gur bunaíodh Oifig um Aisghabháil Sócmhainní laistigh de Phóilíní Stáit na hAlbáine. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go ndéanfar sócmhainní a shainaithint agus a rianú go héifeachtúil, rud a fhágfaidh go méadófar urghabháil agus coigistiú sócmhainní. Tá an tAontas ag súil go leanfaidh an Albáin de bhearta nithiúla a dhéanamh, lena n-áirítear maidir lena hacmhainneachtaí a hiarrachtaí a chomhordú le hinstitiúidí ábhartha eile, chun a áirithiú go mbeidh ARO ag feidhmiú go hiomlán, le hacmhainní leordhóthanacha chun a sainordú a chur i gcrích.

Meabhraítear don Aontas gur baineadh an Albáin, i mí Dheireadh Fómhair 2023, de liosta an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) de dhlínsí a bhfuil faireachán méadaithe á dhéanamh orthu tar éis a Plean Gníomhaíochta a thabhairt chun críche agus tar éis an pardún fioscach agus an clár deonach um chomhlíonadh cánach atá beartaithe a chur ar fionraí. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin a áirithiú go mbeidh athruithe dlíthiúla a dhéanfar amach anseo ar an dlí coiriúil, lena n-áirítear maithiúnais agus cláir um chomhlíonadh cánach deonach a d'fhéadfadh a bheith ann, go mbeidh siad comhsheasmhach le pleananna na tíre agus go gcuirfidh siad comhrac na coireachta eagraithe chun cinn agus go mbeidh siad ailínithe le *acquis* ábhartha an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, mar shampla na caighdeáin sin arna leagan síos ag an gCoiste Saineolaithe um meastóireacht ar bhearta chun an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a chomhrac agus ag TFGA[4].

Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin an reachtaíocht uile agus na bearta cur chun feidhme uile is gá a ghlacadh i réimse na **cibearchoireachta**, agus aontú don dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtach. Tugann an tAontas dá aire gur cheart don Albáin cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir leis an gcibearchoireacht a chosc agus a chur faoi chois, go háirithe trí fhreagairt níos éifeachtaí forfheidhmithe dlí a bhunú lena ndíreofar ar chibearchoirpigh a bhrath, a rianú agus a ionchúiseamh, agus ar acmhainneachtaí agus acmhainní leordhóthanacha imscrúdaitheacha cibearchoireachta a chur ar fáil, lena n-áirítear ag an mBiúró Náisiúnta Imscrúdaithe.

[4] Scrúdaítear comhrac an sciúrtha airgid i ngaol le Cnuasach 2 (caibidil 4).



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le gach cineál **mí-úsáide gnéasaí leanaí** a choiriúlú, agus iarrann sé ar an Albáin aird ar leith a thabhairt ar leanaí a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus as líne araon agus cosc a chur uirthi (lena n-áirítear athíospairt a chosc).

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil líon mór arm tine ar fáil san Albáin agus iarrann sé ar an Albáin seilbh neamhdhleathach agus **gáinneáil ar airm thine** a laghdú. Is díol sásaimh don Aontas gur ghlac an Albáin straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta maidir le rialú mionarm agus armán éadrom (MAAÉ) atá ailínithe den chuid is mó le spriocanna foriomlána agus spriocanna foriomlána an Treochláir Réigiúnaigh chun MAAÉ a rialú ar bhealach níos fearr sna Balcáin Thiar. Molann an tAontas don Albáin a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán iad. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, freisin gur glacadh an dlí maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras arm tine, agus ailíniú breise á dhéanamh aige le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Albáin comhlíonadh iomlán a dhéanamh freisin ar *acquis* an Aontais maidir le fáil agus seilbh ar airm thine a rialú. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hAlbáine chun a hiarrachtaí a mhéadú maidir le múscailt feasachta, for-rochtain agus oideachas i ndáil leis na contúirtí agus na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid, seilbh aindleathach agus gáinneáil ar airm thine, mionairm agus armáin éadroma, chomh maith le hairm thine aindleathacha a laghdú trí fhíorú, tabhairt suas deonach agus díghníomhachtú.

Tugann an tAontas dá aire gur tír thionscnaimh, idirthurais agus ceann scríbe na **gáinneála ar dhaoine** í an Albáin agus nach mór di leanúint dá bearta i gcoinne na gáinneála a neartú agus béim á leagan ar an tionchar suntasach ar mhná agus cailíní. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh torthaí a bhaint amach sa réimse sin, lena n-áirítear maidir le tacaíocht d'íospartaigh ó struchtúir phoiblí a mhéadú. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh an Albáin a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go ndéanann údaráis forfheidhmithe dlí na hAlbáine comhar ar leibhéal maith i réimse na ndrugaí lena gcontrapháirtithe i mBallstáit an Aontais, go háirithe maidir le dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhrugaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, sa bhreis ar an gcreat straitéiseach foirmiúil a ghlacadh, go mbeidh sé ríthábhachtach go gcuirfidh an Albáin cur chuige straitéiseach uileghabhálach chun feidhme chun saothrú, táirgeadh agus gáinneáil aindleathach drugaí a chomhrac agus a chosc go héifeachtach agus go comhsheasmhach. Aithníonn an tAontas plean na hAlbáine a creat institiúideach a neartú agus a oibríochtú agus tugann sé dá aire, agus is díol sásaimh dó, gur bunaíodh Faireachlann Náisiúnta um Dhrugaí agus Córas Náisiúnta Luathrabhaidh maidir leis an malartú faisnéise faoi shubstaintí sícighníomhacha nua. Iarrann an tAontas ar an Albáin feidhmiú agus feidhmíocht a córais náisiúnta luathrabhaidh a áirithiú, lena n-áirítear trí dhlús a chur leis an gcomhar le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir le hurghabhálacha drugaí agus scriosadh drugaí, agus maidir leis na sócmhainní comhfhreagracha a choigistiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat straitéiseach dlíthiúil ag an Albáin chun **an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac**, i gcomhréir den chuid is mó le *acquis* an Aontais, cé go bhfuil gá fós le roinnt leasuithe breise chun ailíniú iomlán a bhaint amach. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór an creat straitéiseach agus dlíthiúil a chur chun feidhme go héifeachtach sa chleachtas. Molann an tAontas don Albáin freisin an Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach nua maidir leis an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac do na Balcáin Thiar a síníodh i mí Dheireadh Fómhair 2025, ag tosú le treochlár náisiúnta a ghlacadh. Tugann an tAontas dá aire plean na hAlbáine acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac, feabhas a chur ar an gcomhar idirghníomhaireachta agus idirnáisiúnta, agus na sásraí bainistithe agus tarchuir cásanna do dhaoine radacaithe agus do chiontóirí sceimhlitheoireachta a neartú. Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus go háirithe an obair atá déanta ag an Lárionad Comhordúcháin um Chur i gCoinne an Antoisceachais Fhoréignigh. Tugann an tAontas dá aire gur gá aird a thabhairt i gcónaí ar an radacú sa phríosún agus ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an comhar réigiúnach agus an malartú faisnéise íogaire le Europol agus leis na Ballstáit sásúil agus gur cheart leanúint de na hiarrachtaí sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus ar sciúradh airgid go háirithe trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na n-imscrúduithe maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, gur glacadh dlí nua maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) agus taifid ainmneacha paisinéirí (PNR) d'fhonn feabhas a chur ar an gcumas an sceimhlitheoireacht agus cionta coiriúla tromchúiseacha a bhfuil nasc acu leis an aerthaisteal a chomhrac.



PUBLIC

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé don Albáin cosaint an **bhonneagair chriticiúil** a áirithiú trína creat dlíthiúil maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil a ailíniú le *acquis* an Aontais, trí phríomhbhonneagair chriticiúla a shainaithint agus trí chritéir a cheapadh chun iad a bhainistiú, lena n-áirítear anailís riosca.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bunphrionsabail **an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála** cumhdaithe i reachtaíocht na Albáine, ach gur gá í a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Albáin na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha atá ann go fóill i réimse an chomhair bhreithiúnaigh a dhaingniú. Tugann an tAontas dá aire gur dhaingnigh an Albáin Coinbhinsiún na Háige maidir le hAithint agus Forfheidhmiú Breithiúnas Eachtrach in Ábhair Shibhialta agus Thráchtála (2019) i mí Feabhra 2025. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin dlús a chur lena hacmhainneacht riaracháin chun ceanglais an Aontais maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála a chomhlíonadh.

Maidir leis an **imirce**, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac an Albáin Straitéis Náisiúnta chuimsitheach maidir leis an Imirce (2024-2030) agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi (2024-2026), atá ailínithe le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar, a thíolaic an Coimisiún i mí na Nollag 2022, agus go gcuireann sí chun feidhme iad. Is díol sásaimh don Aontas gur ghlac an Albáin plean teagmhasach náisiúnta, a ullmhaíodh i gcomhréir le modheolaíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus modheolaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), ag a bhfuil buiséad leordhóthanach chun é a chur chun feidhme dá dtiocfadh líon suntasach imirceach agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta isteach. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hAlbáine na leasuithe is gá a ghlacadh i réimse na himirce dleathaí chun ailíniú le forálacha áirithe maidir le hathaontú teaghlaigh, leis an gcead aonair, agus leis na hathruithe a rinneadh le déanaí ar Chárta Gorm AE. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais chun comhrac na himirce neamhrialta a neartú a thuilleadh. Tugann an tAontas dá aire a thiomanta atá an Albáin maidir leis an smuigleáil imirceach a chomhrac, go háirithe faoin gComhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac, agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart don Albáin leanúint dá hiarrachtaí leanúnacha ar gach leibhéal chun deireadh a chur le grúpaí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach. Mar chuid d'fhorbairt imirce lucht saothair san Albáin, iarrann an tAontas ar an Albáin an comhar um athligean isteach a fhorbairt le tríú tíortha agus tá sé ag súil go neartóidh an Albáin an chigireacht saothair chun an saothar éigeantais agus gluaiseachtaí neamhrialta ar aghaidh chuig an Aontas a chosc.



PUBLIC

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil comhar an-mhaith á dhéanamh ag an Albáin leis na Ballstáit agus le Frontex maidir le hoibríochtaí um athligean isteach agus um fhilleadh. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha a áirithiú, go háirithe do mhionaoisigh neamhthionlactha, agus nósanna imeachta um fhilleadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dlí athbhreithnithe maidir le heachtrannaigh agus i gcomhréir le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin an comhar le tíortha tionscnaimh maidir le filleadh agus athligean isteach a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht leanúnach theicniúil agus ardleibhéil, chomh maith le comhar praiticiúil a fhorbairt maidir le hathligean isteach.

Tugann an tAontas dá aire an comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann maidir leis an gcóras náisiúnta **tearmainn** agus glactha a neartú tríd an dara céim den treochlár comhair a formhuiníodh i mí Dheireadh Fómhair 2024 a chur chun feidhme go leanúnach. Iarrann an tAontas ar an Albáin an dlí maidir le tearmann a chur chun feidhme ar ardchaighdeán agus na hacmhainneachtaí riaracháin breise is gá a fhorbairt, agus ailíniú breise le *acquis* an Aontais á áirithiú ag an am céanna. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin tarchuir chórasacha a dhéanamh chuig an nós imeachta tearmainn, agus líon agus cáilíocht na gcinntí i gcásanna tearmainn a mhéadú. Tugann an tAontas dá aire freisin gur cuireadh saoráid ghlactha do mhionaoisigh neamhthionlactha ar iontaoibh eagraíocht neamhrialtasach go sealadach agus meabhraítear dó plean na hAlbáine iarrthóirí tearmainn a láimhseáil trí thacaíocht dhíreach agus trí sheirbhísí an rialtais. Iarrann an tAontas ar an Albáin réiteach buan a bhunú chun mionaoisigh neamhthionlactha a ghlacadh agus cóiríocht a thabhairt dóibh, i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil gá fós le hiarrachtaí leanúnacha chun an tsaincheist maidir le saoránach de chuid na hAlbáine a chuireann iarratais ar thearmann gan bhunús isteach i mBallstáit an Aontais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil beartas víosaí na hAlbáine ailínithe go hiomlán le liosta an Aontais de thríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Meabhraítear don Aontas nach bhfuil sé i gcomhréir le *acquis* an Aontais ceanglais víosaí a chur ar fionraí ar bhonn sealadach. Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn a rinne an Albáin i dtreo ailíniú leis an mbeartas víosaí agus is díol sásaimh dó gur glacadh treochlár i dtreo ailíniú iomlán, agus leagann sé béim ar a mhéid is gá don Albáin cur chun feidhme tráthúil an treochláir sin a áirithiú ós rud é gur ceanglas é ailíniú iomlán an bheartais víosaí le haghaidh aontachas leis an Aontas. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbeidh gá le hoiriúnuithe teicniúla breise ar chórais faisnéise na hAlbáine chun an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a chomhlíonadh.

Maidir le **Schengen agus Teorainneacha Seachtracha**, tugann an tAontas dá aire an dea-chomhar oibríochtúil leanúnach le Frontex maidir le faireachas ar theorainneacha agus dul i ngleic leis an gcoireacht trasteorann tríd an Oibríocht Chomhpháirteach atá in úsáid ó 2019 i leith agus cur chun feidhme leanúnach Chomhaontú Stádais nuashonraithe Frontex i mí an Mheithimh 2024. Meabhraítear don Aontas go bhfuil cuid de *acquis* Schengen san Albáin nach mbeidh feidhm leis go dtí go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh chun deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, tar éis an mheastóireacht Schengen is infheidhme ar ullmhacht na hAlbáine a thabhairt chun críche. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh an Albáin a reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir le *acquis* Schengen agus na bearta is gá a dhéanamh d'fhonn *acquis* Schengen a chur chun feidhme tráth an aontachais nó, i gcás inarb ábhartha, ar ghlacadh an chinnidh ón gComhairle maidir le *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine. Áirítear leis sin nascadh leis na córais ábhartha nó iad a bhunú, go háirithe Córas Faisnéise Schengen (CFS), VIS, an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), agus an Clár do Thaistealaithe Cláraithe (RTP). Iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint den Straitéis Náisiúnta um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (2021-2027) a chur chun feidhme agus is díol sásaimh dó gur glacadh an Dlí athbhreithnithe maidir le Rialú Teorann Stáit. Tugann an tAontas dá aire an méadú leanúnach atá tagtha ar fhoireann na bPóilíní Teorann ó 2020 i leith agus leagann sé béim ar a mhéid is gá leibhéil foirne agus acmhainneachtaí oibríochtúla leordhóthanacha a choinneáil ar bun. Tugann an tAontas dá aire sa chomhthéacs sin gur rún don Albáin aghaidh a thabhairt ar ráta ard athraithe i gcás na n-oifigeach teorainn. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh Plean Gníomhaíochta Schengen i mí Eanáir 2026 i gcomhréir leis an treoir a chuir an Coimisiún ar fáil, agus iarrann sé ar an Albáin é a chur chun feidhme, trí athruithe dlíthiúla agus trí infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar, sa trealamh, san fhoireann agus san oiliúint is gá.

Maidir le **góchumadh an euro**, tugann an tAontas dá aire plean na hAlbáine leanúint de mhalartuithe breise faisnéise a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach, le Europol agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, i gcomhréir le comhaontuithe comhair ábhartha maidir le hairgeadra an euro a chosaint ar ghóchumadh.

PUBLIC

**5. Critéir eacnamaíocha**

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an Albáin ar an mbóthar ceart chun bheith ina **geilleagar margaidh feidhmiúil**. Leagann an tAontas béim ar an gcomhthoil leathan leanúnach intíre maidir le bunphrionsabail an bheartais eacnamaíoch lena n-áirítear ról teoranta an stáit sa gheilleagar agus tiomantas polaitiúil do léirscaoileadh an mhargaidh. Aithníonn an tAontas an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas, agus tugann sé dá aire ag an am céanna go bhfuil feidhmiú éifeachtach an gheilleagair margaidh á theorannú go fóill de dheasca deimhneacht dhlíthiúil lag, leibhéal ard gníomhaíochta eacnamaíche neamhfhoirmiúla, leibhéal íseal forbartha san earnáil airgeadais, deacrachtaí le forfheidhmiú dhlí na gconarthaí, ceart maoine, clárú teideal, easnaimh i dtrédhearcacht agus i gcuntasacht fiontar atá faoi úinéireacht an stáit agus bearnaí níos leithne san athchóiriú struchtúrach sa rialachas, chomh maith le hábhair imní a bhaineann leis an éilliú, rud a fhágann go bhfuil cóineasú mall agus fás faoi bhun an phoitéinsil ann. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a thuilleadh. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá an timpeallacht ghnó a fheabhsú a thuilleadh trí chothrom iomaíochta idir oibreoirí intíre agus oibreoirí eachtracha chun ceann scríbe infheistíochta níos tarraingtí a dhéanamh den Albáin. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an Straitéis Mheántéarmach Ioncaim, i bhfianaise leibhéil ísle an tslógtha ioncaim, agus molann sé go gcuirfí chun feidhme í chun leibhéal an tslógtha ioncaim a mhéadú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin feabhas a chur ar oibríochtú an chreata le haghaidh bainistiú ar an infheistíocht phoiblí. Iarrann an tAontas ar an Albáin aghaidh a thabhairt go córasach agus go críochnúil ar mholtaí beartais an Aontais a leagtar amach sna pacáistí comhleantacha um méadú agus ar an treoir bheartais a comhaontaíodh go comhpháirteach i gcomhthéacs na gConclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas Eorpach agus na Comhpháirtithe Réigiúnacha chomh maith leis na gealltanais a rinneadh mar chuid de chlár oibre athchóirithe an Phlean Fáis do na Balcáin Thiar. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtacóidh cur chun feidhme críochnúil cuimsitheach na n-athchóirithe sin leis an Albáin critéir fheidhmiúla an gheilleagair margaidh a chomhlíonadh agus a áirithiú gur féidir leis na gnólachtaí oibriú laistigh de thimpeallacht intuartha faoi threoir an smachta reachta agus cothrom iomaíochta i measc iomaitheoirí. Ní mór don Albáin freisin dul i ngleic le suaití atá fós ann in earnálacha na réadmhaoine agus an tionscail tógála mar gheall ar éilliú, teidil neamhiomlána ceart maoine, laigí sa chreat dlíthiúil agus idirbhearta neamhairgeadais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Albáin maidir lena h**acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh** laistigh den Aontas. In ainneoin gur ann do bhearnaí suntasacha ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal Eorpach, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil feabhas mór tagtha ar bhonneagar fuinnimh agus iompair na hAlbáine, agus ar dhigiteáil an gheilleagair. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór leanúint den infheistíocht ar ardleibhéal i ngach réimse den bhonneagar fisiceach, arna comhlánú le bainistiú feabhsaithe ar an infheistíocht phoiblí agus le soláthar poiblí feabhsaithe, lena n-áirítear trí dhámhachtain chothrom iomaíoch a áirithiú sa chleachtas, le hathchóirithe rialachais, lena n-áirítear athchóirithe in aghaidh an éillithe, agus le cibear-athléimneacht neartaithe. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar a hiomaíochas, rud a bhfuil bac air faoi láthair mar gheall ar easpa saineolas fiontraíochta agus teicneolaíochta, riachtanais infheistíochta nach bhfuiltear ag freastal orthu san fhorbairt dhaonna, agus caiteachas íseal ar bhonn leanúnach ar T&F, trí thorthaí oideachais ar ardchaighdeán agus ar leibhéil níos airde lena n-áirítear sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint, agus dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa taighde agus san ardoideachas. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin cumhdach agus leordhóthanacht na cosanta sóisialta agus an árachais sláinte a mhéadú chun sciar an daonra atá i mbaol na bochtaineachta a laghdú agus chun forbairt eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach agus cothrom ar bhonn sóisialta a chumasú.

* * *

I bhfianaise staid ullmhúcháin na hAlbáine, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint nach mór don Albáin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais agus na gcaighdeán Eorpach ábhartha a chumhdaítear le Cnuasach 1 - Bunphrionsabail, agus na dtosaíochtaí a sainaithníodh sna tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún Eorpach agus san idirphlé polaitiúil idir an tAontas agus an Albáin, agus gan dochar d'aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do Chnuasach 1, tugann sé dá aire nach bhféadfar clabhsúr sealadach a chur ar na caibidlí ná ar an gCnuasach sin go dtí go gcomhaontóidh an tAontas go gcomhlíonfar na tagarmharcanna deiridh seo a leanas:



PUBLIC

**Ar leibhéal cothrománach do chnuasach 1, áirithíonn an Albáin go ndéanfar a Treochlár a chur chun feidhme go seasmhach agus go ndéanfar faireachán a mbeidh rochtain ar an bpobal air orthu, trí shásra láidir ildisciplíneach, agus aird ar leith á tabhairt ar leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus airgeadais, ar an acmhainneacht institiúideach agus ar chloí leis na sprioc-amanna a leagtar síos, agus idirphlé críochnúil, cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara uile; go sonrach a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:**

- an Treochlár maidir leis an Smacht Reachta, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna faoi Chaibidlí 23 agus 24;
- an Treochlár maidir le feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, trína áirithiú go mbeidh institiúidí agus próisis dhaonlathacha chobhsaí agus chomhdhlúite i bhfeidhm, lena n-áirítear reáchtáil na dtoghchán, i gcomhréir go hiomlán le moltaí ó ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, trí chuntasacht agus éifeachtacht a áirithiú, lena n-áirítear maoirseacht agus feidhmeanna eile a Tionóil agus trí leanúint den timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta a neartú ar gach leibhéal rialtais;
- an Treochlár maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí, trí dhul chun cinn comhsheasmhach infhíoraithe a léiriú i ngach réimse den chreat straitéiseach le haghaidh athchóiriú an riaracháin phoiblí, trína áirithiú go n-eagraítear é ar bhealach éifeachtúil éifeachtach ar gach leibhéal rialtais, lena n-áirítear forbairt agus comhordú beartais, an tseirbhís phoiblí agus bainistiú acmhainní daonna, sásraí cuntasachta inmheánacha agus seachtracha atá sainithe go soiléir ar gach leibhéal rialtais agus i gcomhréir le cur chuige atá bunaithe ar chearta, soláthar seirbhísí, agus bainistiú airgeadais phoiblí.

## Caibidil 23 - Na breithiúna agus na cearta bunúsacha

**Cuireann an Albáin a hathchóiriú cuimsitheach ceartais chun feidhme a thuilleadh, ag tógáil ar an méid atá bainte amach chun neamhchlaontacht, neamhspleáchas, cuntasacht, gairmiúlacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú go hiomlán. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- A áirithiú go leanfar den athchóiriú ceartais a chur chun feidhme i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha, chun **neamhspleáchas, neamhchlaontacht, ionracas agus éifeachtúlacht** na mbreithiúna a ráthú, lena n-áirítear trí phrionsabail an ionracais, an fhiúntais agus na trédhearcachta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcomhlachtaí féinrialaitheacha na mbreithiúna, lena n-áirítear maidir lena gcomhaltaí a cheapadh;

- **Cuntasacht agus ionracas** sa chóras breithiúnach a chomhdhlúthú ar gach leibhéal trí cheapacháin, aistrithe agus arduithe céime breithiúna agus ionchúisitheoirí atá bunaithe ar fhiúntas a chur i bhfeidhm go córasach comhsheasmhach chomh maith le cumas leordhóthanach an Ardchigire Ceartais, na hArdchomhairle Breithiúnaí agus na hArdchomhairle Ionchúisí, go háirithe meastóireachtaí tráthúla chomh maith le fíorú córasach agus críochnúil a dhéanamh ar dhearbhuithe sócmhainní, i gcomhréir go hiomlán leis na caighdeáin is airde a leagtar síos trí ghrinnfhiosrúchán; agus trí athléimneacht shistéamach an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú agus a neartú a thuilleadh maidir le hiarrachtaí ar chur isteach agus tionchar míchuí inmheánach agus seachtrach, trí na sásraí atá ann cheana a chur chun feidhme agus a threisiú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin, d'ainneoin gur gá don Albáin a áirithiú go staonfaidh ionadaithe a brainsí feidhmiúcháin agus reachtacha ó chur isteach míchuí ar na hinstitiúidí ceartais chun cinntí na Cúirte Bunreachtúla a chur chun feidhme, agus chun caighdeáin Eorpacha a chur i bhfeidhm, go háirithe na caighdeáin sin arna leagan síos ag Coimisiún na Veinéise maidir le cinntí ar dhíolúine;



PUBLIC

- **Cáilíocht** mharthanach na mbreithiúna a áirithiú, lena n-áirítear trí riaráiste meastóireachta a laghdú tuilleadh trí thrí cheathrú de na réamh-mheastacháin phleanála bhliantúla a bhaint amach bunaithe ar chritéir oibiachtúla a bhfuil gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla ag baint leo, le tacaíocht ó staidreamh comhdhlúite, foilsiú tráthúil cinntí réasúnaithe a áirithiú agus acmhainní leordhóthanacha a choinneáil ar bun chun go bhfeidhmeoidh Scoil na nGiúistísí neartaithe i gcomhréir le caighdeáin an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha, go háirithe ó thaobh ionracais agus cáilíochta a mhéid a bhaineann le hearcú foirne, roghnú iarrthóirí agus an oiliúint a chuirtear ar fáil;

- **Éifeachtúlacht** agus feidhmíocht na gCúirteanna agus na n-oifigí ionchúisimh a áirithiú trí thart ar 75 % de na folúntais bhreithiúnacha a líonadh, amanna diúscartha a laghdú a thuilleadh agus riaráiste na gcásanna a laghdú, go háirithe trí acmhainní daonna agus airgeadais a mhéadú chun feabhas suntasach a chur ar cháilíocht bhonneagair na gcúirteanna agus ar shlándáil daoine aonair agus líon leordhóthanach giúistísí agus comhairleoirí dlí a áirithiú, atá ailínithe le meán an Aontais, **córas comhtháite** dea-fheidhmiúil **bainistithe cásanna** a bhunú agus a úsáid go comhsheasmhach, agus a áirithiú go mbainfear úsáid níos leithne agus níos iomchuí as réiteach malartach díospóidí.

**Cuireann an Albáin córais láidre éifeachtacha chun feidhme chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an t-éilliú ardleibhéil. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Acmhainneachtaí **oibríochtúla leordhóthanacha** a fheabhsú a thuilleadh agus a áirithiú, bonneagar a fheabhsú agus acmhainní daonna agus airgeadais na gcomhlachtaí speisialaithe frithéillithe agus na ngnáthinstitiúidí breithiúnacha a mhéadú chun an t-éilliú a chomhrac go háirithe i gcásanna casta, lena n-áirítear imscrúduithe airgeadais.

PUBLIC

- Léiríonn sé **cuntas teiste** láidir marthanach maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i gcásanna éillithe ar gach leibhéal, go háirithe ar ardleibhéal, trí chreat dlíthiúil a choinneáil ar bun lena dtacaítear go héifeachtach le comhrac an éillithe agus trí chomhar iomlán na n-údarás poiblí a áirithiú.

- Cuirfidh sé cuntas teiste láidir ar bun maidir le sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú, lena n-áirítear cleachtas inchreidte comhsheasmhach maidir le himscrúduithe airgeadais comhthreomhara a sheoladh agus é ag déileáil le cásanna éillithe, lena n-áirítear éilliú ardleibhéil.

- Comhdhlúthaítear **creat láidir um éilliú a chosc**, lena n-áirítear tríd an straitéis ilbhliantúil nuaghlactha a chur chun feidhme go héifeachtach agus trí fhaireachán a dhéanamh uirthi ar fud na n-earnálacha is leochailí, trí na bearta reachtacha agus trí mholtaí uile GRECO/ODIHR atá ar feitheamh a chur chun feidhme go héifeachtach. Éifeachtacht na bhfíoruithe dearbhaithe sócmhainní a neartú a thuilleadh, agus cuntas teiste láidir marthanach a fhorbairt maidir le himscrúduithe riaracháin réamhghníomhacha agus smachtbhannaí díspreagthacha, lena n-áirítear cuntas teiste marthanach a áirithiú maidir le tarchuir réamhghníomhacha agus ardcháilíochta chuig ionchúiseamh arna ndéanamh ag na institiúidí stáit agus na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha a áirithiú, go háirithe chuig SPAK, agus obair leantach dhícheallach ó na húdaráis ábhartha a léiriú.

**Cosnaíonn an Albáin cearta bunúsacha sa dlí agus sa chleachtas araon agus tá sí go hiomlán ullamh chun Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha a chur chun feidhme. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Áirithítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach chearta an duine trí acmhainneacht na gcomhlachtaí neamhspleácha um chearta bunúsacha a mhéadú, trí chur i bhfeidhm chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a leagtar amach sa **Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine**, sna prótacail a ghabhann leis, agus i ndlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Cur chun feidhme sásúil na moltaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta faireacháin ar chearta an duine a bhaint amach, lena n-áirítear an **Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc**.

PUBLIC

- Cosaint bhreise don **tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do shaoirse na meán** a áirithiú, trí athchóiriú cuimsitheach a ghlacadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach agus go nithiúil, lena n-áirítear athchóiriú ar an gcreat reachtach agus rialála, ailíniú iomlán a dhéanamh le caighdeáin Eorpacha, dea-chleachtais agus moltaí *acquis* an Aontais, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas an rialtóra agus na meán, trédhearcacht úinéireachta agus maoinithe, chomh maith le sábháilteacht iriseoirí, lena n-áirítear aisghairm iomlán forálacha coiriúla maidir le clúmhilleadh agus ailíniú iomlán gnéithe sibhialta den chlúmhilleadh le caighdeáin Eorpacha.

- Acmhainneachtaí institiúideacha an Choimisinéara um Chosaint i gcoinne an Idirdhealaithe a neartú a thuilleadh, i gcomhréir le *acquis* an Aontais, agus le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. Reachtaíocht atá ailínithe le *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear reachtaíocht an Aontais lena leagtar síos caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais, chomh maith le caighdeáin Eorpacha maidir le **neamh-idirdhealú, comhionannas inscne** agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac. Teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine atá ag daoine LADTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh a thuilleadh. Sásraí éifeachtacha le haghaidh sásaimh agus cúnaimh d'íospartaigh an fhoréigin a choinneáil ar bun, ar sásraí iad a áirithítear den chuid is mó trí chistiú poiblí, lena n-áirítear an phleanáil bhuiséadach mheántéarmach.

- Treisítear an córas **cosanta leanaí**, agus leas an linbh mar threoirphrionsabal aige, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le leanaí a bhfuil cúram tuismitheora de dhíth orthu nó atá faoi mhíchumas, go háirithe cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta maidir le cúram teaghlaigh malartach, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar é a chomhchuibhiú leis an reachtaíocht atá ann cheana, d'fhonn an dí-institiúidiú a thabhairt chun críche. Méadaítear iarrachtaí chun cearta **daoine faoi mhíchuma**s a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le dul chun cinn suntasach i dtreo dí-institiúidiú daoine faoi mhíchumas agus inrochtaineachta. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach an mhaoinithe agus na hacmhainneachta institiúidí a áirithiú i réimsí na cosanta leanaí agus chearta na ndaoine faoi mhíchumas.

PUBLIC

- A áirithiú go mbeidh córas éifeachtúil trédhearcach clárúcháin maoine agus bainistíochta comhtháite i bhfeidhm lena ráthófar go n-eiseofar teidil mhaoine shoiléire shlána go tráthúil. Déantar na sonraí cadastracha uile, lena n-áirítear teidil úinéireachta agus léarscáileanna cadastracha, a dhigitiú agus a thabhairt cothrom le dáta go cúramach chun sonraí forluiteacha nó míchruinne a bhaint go córasach fad a chuirtear an chéad phróiseas clárúcháin i gcrích de réir ghealltanais ábhartha na hAlbáine mar a tugadh i dTreochlár an Smachta Reachta agus tá siad faoi réir faireachán rialta. Laghdaítear riaráiste na Cúirte maidir le cásanna maoine a thuilleadh agus forfheidhmítear gach rialú cúirte ó na húdaráis ábhartha uile go héifeachtach agus go tráthúil, go háirithe breithiúnais chríochnaitheacha chúirte, lena n-aithnítear ceart an iar-úinéara chun maoine, rud a chuireann deireadh le cásanna neamh-fhorfheidhmithe fada. Baineann sé sin freisin le breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, sa réimse sin; Áirithíonn sé go n-urramaítear an phróis chuí go hiomlán i gcásanna díshealbhaithe agus aistrithe maoine.

- A áirithiú go ndéanfar an Dlí maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint agus a reachtaíocht thánaisteach uile a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta agus lena chaighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear tríd an acmhainneacht agus na hacmhainní a neartú chun cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chosaint, go háirithe an Coiste um Mionlaigh Náisiúnta;

- A áirithiú go ndéanfar a chreat reachtach a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir le **cearta saoránachta**, lena n-áirítear tríd an mbunús dlí a aisghairm lena gceadaítear scéim saoránachta d'infheisteoirí a fhorbairt i gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE.

PUBLIC

**Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil**

**Cuireann an Albáin córas láidir éifeachtach chun feidhme chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- A creat dlíthiúil a ailíniú le *acquis* an Aontais, le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le comhrac na coireachta tromchúisí agus eagraithe, lena n-áirítear maidir le sciúradh airgid a choiriúlú agus leanúint de chreat láidir straitéiseach a chur chun feidhme sna réimsí sin i gcomhréir le caighdeáin an Aontais;

- Cuntas teiste láidir a bhunú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i ngach réimse den choireacht thromchúiseach agus eagraithe (lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, airm thine, drugaí, mí-úsáid ghnéasach leanaí, cibearchoireacht agus sciúradh airgid, lena n-áirítear mar chion neamhspleách), – arna fhianú le staidreamh mionsonraithe a rinneadh le déanaí;

- Cur chuige réamhghníomhach agus éifeachtach a léiriú maidir le forfheidhmiú an dlí intíre agus idirnáisiúnta agus comhar breithiúnach bunaithe ar mhodheolaíocht imscrúdaithe fheabhsaithe chun dul i ngleic le cásanna coiriúla casta agus chun bearta a chur chun feidhme a thuilleadh, lena n-áirithítear ionracas, lena n-áirítear trí imscrúduithe leanúnacha críochnúla ag an nGníomhaireacht um Fhormhaoirseacht Póilíneachta, ceapacháin atá bunaithe ar fhiúntas agus atá trédhearcach, chomh maith le forbairt gairme laistigh de na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, go háirithe na póilíní.

- Cuntas teiste láidir a bhunú maidir le sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú go críochnaitheach – arna fhianú le staidreamh mionsonraithe a rinneadh le déanaí – lena n-áirítear trí chóras idirinstitiúideach lánfheidhmiúil atá bunaithe ar an oifig um aisghabháil sócmhainní chun sócmhainní a rianú, a shainaithint, a reo, a bhainistiú agus a choigistiú, i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le hacmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais;

- Leanann sí de chleachtas inchreidte comhsheasmhach a léiriú maidir le himscrúduithe airgeadais a sheoladh go córasach – mar is léir ó staitisticí mionsonraithe a bhí ann le déanaí – agus í ag déileáil leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe, go háirithe sciúradh airgid.



PUBLIC

- Cur chuige cuimsitheach, inscne-shonrach agus íospartach-lárnach a chur chun feidhme go leordhóthanach chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac trí chreat dlíthiúil, institiúideach agus oibríochtúil a chruthú i gcomhréir le *acquis* an Aontais, agus cuntas teiste láidir a bhunú maidir le líonraí gáinneála ar dhaoine a dhíchóimeáil go réamhghníomhach agus béim á leagan ar mhná agus ar chailíní, agus an Sásra Náisiúnta Atreorúcháin a chur chun feidhme go hiomlán bunaithe ar acmhainneachtaí feabhsaithe chun cóiríocht, cosaint, cúnamh agus tacaíocht a bhrath, a shainaithint agus a sholáthar d'íospartaigh agus d'íospartaigh ionchasacha.

**Léiríonn an Albáin torthaí marthanacha substaintiúla sa chomhar i réimse na ndrugaí. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Ailíníonn sí a creat dlíthiúil agus beartais maidir le drugaí le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear forálacha chun liosta na substaintí sícighníomhacha nua agus na réamhtheachtaithe drugaí nua a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus cuireann sí a hoibleagáidí idirnáisiúnta chun feidhme go héifeachtach.

- Straitéis Náisiúnta Drugaí a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus oibríochtú iomlán an Chórais Luathrabhaidh Náisiúnta agus na Faireachlainne Náisiúnta Drugaí á áirithiú ag an am céanna bunaithe ar líonra comhtháite institiúidithe comhpháirtithe intíre agus idirnáisiúnta.

- Bunaítear cuntas teiste láidir maidir le hurghabhálacha drugaí, scriosadh agus coigistiú sócmhainní comhfhreagracha – mar is léir ó staidreamh mionsonraithe a rinneadh le déanaí – agus forfheidhmítear go láidir coimircí chun atreorú táirgí a chosc agus saothrú dleathach cannabais á chur chun feidhme.


PUBLIC

**Cuireann an Albáin córas láidir éifeachtach chun feidhme chun an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac agus a chosc agus chun bonneagair chriticiúla a chosaint. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- A áirithiú go mbeidh a chreataí dlíthiúla agus beartais maidir leis an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac ar líne agus as líne araon agus maidir le bonneagair chriticiúla agus eintitis chriticiúla a chosaint i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus faoi threoir phrionsabail na réamhaíochta, an choisc, na cosanta agus na freagartha.

- Treochlár náisiúnta do chur chun feidhme an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta chun an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac do na Balcáin Thiar a ghlacadh agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go leanúnach é

**Baineann an Albáin torthaí marthanacha substaintiúla amach i réimsí na himirce dleathaí agus neamhrialta, agus an tearmainn, agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le *acquis* Schengen, leis an mbeartas víosaí agus lena teorainneacha seachtracha a rialú, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc deiridh sin a luaithe a dhéanfaidh sí an méid seo a leanas:**

- Leanúint d'acmhainneachtaí leordhóthanacha marthanacha bainistithe teorainneacha agus foireann leordhóthanach a áirithiú chun sreabha imirce measctha a bhainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear cumas cruthaithe a theorainneacha a rialú go cuí, acmhainneachtaí leordhóthanacha teorann agus glactha, agus torthaí nithiúla maidir le trasnuithe teorann neamhrialta a chomhrac, líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach a ionchúiseamh agus a dhíchóimeáil, agus comhar idirnáisiúnta éifeachtach, lena n-áirítear maidir le filleadh agus athligean isteach;

- Áirithítear cur chun feidhme leanúnach Phlean Gníomhaíochta Schengen chun ullmhú go héifeachtach chun *acquis* Schengen a chur chun feidhme go hiomlán tráth an aontachais nó, i gcás inarb ábhartha, ar ghlacadh an chinnidh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen.

PUBLIC

- A beartas víosaí a ailíniú go hiomlán le beartas víosaí an Aontais, go háirithe trí dheireadh a chur leis an gcleachtas víosaí séasúracha a eisiúint agus trí liostaí na dtíortha a bhfuil a saoránaigh faoi oibleagáid víosa a ailíniú agus liostaí na dtíortha a bhfuil a saoránaigh díolmhaithe ón oibleagáid sin agus iad ag dul isteach le saoránaigh an Aontais tríd an treochlár maidir le hailíniú an bheartais víosaí a glacadh i mí na Samhna 2025 a chur chun feidhme go hiomlán.

- Áirithítear leis go bhfuil córas tearmainn feidhmiúil i bhfeidhm i gcomhréir leis an *acquis* is déanaí de chuid an Aontais, acmhainneachtaí leordhóthanacha chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a shainaithint agus a tharchur, méadú suntasach ar cháilíocht agus ar líon na gcinntí lena ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta agus acmhainneacht ghlactha iomchuí, lena n-áirítear saoráidí ar leithligh do mhionaoisigh neamhthionlactha.

<u>**Critéir eacnamaíocha**</u>

**Comhlíonann an Albáin an critéar maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil. Leanann an Albáin de thimpeallacht ghnó chobhsaí a neartú agus a áirithiú lena soláthraítear iomaíocht chóir idir oibreoirí intíre agus oibreoirí eachtracha, trédhearcacht agus cuntasacht mhéadaithe fiontar faoi úinéireacht stáit, neamhfhoirmiúlacht laghdaithe agus creat fioscach intuartha lena n-áirithítear comhlíonadh cánach agus lena laghdaítear imghabháil cánach.**

* *

PUBLIC

Le linn na caibidlíochta, leanfar d’fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Cuireann an tAontas i bhfáth go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d’fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine a áirithiú, d’fhonn a áirithiú go mbeidh sé d’acmhainneacht aici ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí sa chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach sin, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach sin tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua de chuid an Aontais teacht chun bheith ann idir an 2 Deireadh Fómhair 2024 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC